| Meitheal Forbartha Stair na hArdteistiméireachta | Cruinniú 10:15.10.2025 |
|---|---|
| **Fáilte, miontuairiscí, nithe ag teacht chun cinn, dearbhú leasa.** | Gabhadh leithscéalta agus glacadh le miontuairiscí an chruinnithe dheireanaigh. Áiríodh le nithe ag teacht chun cinn deimhniú go mbeidh cruinniú dhá lá i gceist leis an gcéad chruinniú eile i mí na Samhna chun dul chun cinn a dhéanamh sna pléití maidir leis an tsonraíocht. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Bhí nuashonrú ar struchtúr leathan na snáithí faoi mar atá siad faoi láthair. Déanfar plé orthu seo ar bhealach níos mionsonraithe ag an gcéad chruinniú eile agus díreofar i gcruinniú an lae inniu ar mheasúnú. |
| **Paraiméadair mheasúnaithe** | Bhí forléargas ar pharaiméadair mheasúnaithe le haghaidh ábhair Thráinse 3 chun plé a dhéanamh ar bhreithnithe ar fhorbairt na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis (CMB) don Stair.<br>Bhí plé ar uainiú na n-aighneachtaí agus moladh an socrú atá ann faoi láthair maidir le cur isteach i ndiaidh na Cásca sa 6ú bliain mar an t-am is fearr chun an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) a chur isteach. |
| **Samplaí de Chomhpháirteanna Measúnaithe sa Bhreis (CMB) ó T1 agus T2** | Scrúdaigh an grúpa samplaí de CMBanna a forbraíodh thar réimse éagsúil ábhar chun pléití ar CMB na Staire a threorú. |
| **Breithnithe IS** | Cuireadh forléargas ar bheartais IS ar fud an chórais i láthair. Sa phlé a lean ina dhiaidh sin, cuireadh roinnt saincheisteanna i láthair amhail saincheisteanna fíordheimhnithe, an treoir le heisiúint ag CSS a dhéanfaidh an cleachtas faoi láthair de rogha oscailte le haghaidh ábhar taighde a chaolú, ath-choincheapú na Tuairisce Staidéir Taighde, luach an mhachnaimh agus an chothromaíocht idir IS a mheas agus measúnú bailí a dhéanamh den CMB ar na scileanna a forbraíodh. |
| **Plé ar mholtaí maidir leis an CMB** | Chuaigh lucht an ghrúpa amach ina ngrúpaí beaga a chuir moltaí le chéile maidir le struchtúr agus formáid an CMB. I ndiaidh plé fairsing, níor ceapadh go raibh an moladh le haghaidh scrúdú sa chúigiú bliain ina réiteach ar an bhfadhb a bhaineann le IS. Measadh freisin nach mbeadh an CMB a roinnt ina dhá ghné arbh fhiú 20% iad ciallmhar. Ceapadh gur dearfach an rud é díriú níos mó ar fhoinsí agus ar mheastóireacht foinsí a chuimsiú sa CMB. Níor chuir gach duine fáilte roimh an gcaoi a bhféadfadh an treoir srian a chur leis an ábhar oscailte taighde. Níor ceapadh go mbeadh an moladh chun dialann mhachnaimh a chur leis ina dheimhniú in aghaidh úsáid IS. Forbrófar foclaíocht dréachta an CMB lena chuimsiú sa tsonraíocht don chéad chruinniú eile. |
| **Na Chéad Chéimeanna Eile** | An chéad chruinniú eile: Dé Céadaoin agus Déardaoin 12-13 Samhain. |